



Siondróm Williams (Siondróm Williams-Beuren)

Meghan Finn is as charismatic as she is talented. ... [a] beautiful young lady who happens to have Williams syndrome ... that she lives and deals with courageously every day.

Ó Meghan Sings!

<http://www.meghansings.ws/>

Is neamhord comhbheirthe neamhchoitianta de chrómasóm 7 atá anseo. Go minic ní bhíonn diagnóisiú ar an siondróm ar feadh tréimhse fhada ama, ach is féidir diagnóisiú a dhéanamh air le tástáil fola. Is iad seo saintréithe an tsiondróim: cuma 'elfin' ar an aghaidh, dea-scileanna éisteachta, grá don cheol, nádúr maith sóisialta agus bua na bhfocal.

Is féidir le siondróm Williams dul i bhfeidhm ar an dalta go cognaíoch, go sóisialta agus ó thaobh iompraíochta de, cé go mbeidh deacrachtaí luaileacha ann chomh maith. Tá seans go mbeidh tionchar ag deacrachtaí luaileacha ar lámhscríbhneoireacht, ar ghníomhaíochtaí corpoideachais agus ar obair phraiticiúil. Cé go bhfuil riachtanais ar leith ag daltaí áirithe, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbaineann na deacrachtaí seo ar fad le gach dalta. Ach, is gnéithe den siondróm iad agus bainfidh cuid acu ar a laghad le gach dalta. Tá gach seans go léireoidh daltaí neamhréir sa leibhéal cumais atá acu thar réimsí éagsúla.

Beidh tionchar ag riachtanais na ndaltaí seo, ó thaobh scileanna spásúlachta agus amhairc, ar thromlach na ghníomhaíochtaí scoile, go háirithe obair phraiticiúil agus corpoideachas. Tá seans go mbeidh deacrachtaí acu le gníomhaíochtaí ina mbíonn gá le scileanna anailíse spásúla, mar shampla, conas litreacha difriúla a aithint agus conas idirdhealú idir clé agus deas. Tá seans go dtabharfaidh cumas labhartha na ndaltaí seo le tuiscint go bhfuil a gcumas cognaíoch níos fearr ná mar atá. Tá éagsúlacht mhór sa réimse chognaíoch i measc daltaí: ó dhaltaí a bhfuil cumas os cionn an mheáin acu go daltaí a bhfuil míchumas ginearálta measartha foghlama orthu. Tá deacrachtaí le huimhearthacht feicthe i ndaltaí áirithe mar aon le moill ó thaobh sealbhú teanga.

Tá seans go mbeidh deacrachtaí iompraíochta míchuí ann chomh maith, m.sh. ag caint as áit sa seomra ranga. Is deacair do dhaltaí a n-aird a choinneáil ar aon rud ar feadh píosa fada. Cuirtear isteach go héasca ar na daltaí seo, agus dá bharr seo, ní leanann siad treoracha, éiríonn siad óna suíochán, agus déanann siad rudaí eile. Cé go bhfuil nádúr sóisialta oscailte ag daltaí a bhfuil siondróm Williams orthu, is féidir deacrachtaí a bheith acu piarcháirde a dhéanamh agus bíonn siad ró-imníoch uaireanta. Tá seans go gcloifidh na daltaí an iomarca le hábhair chainte ' a thaitníonn leo



CUID 1: Siondróim Mheasúnaithe

féin' freisin, rud a léiríonn nach dtuigeann siad scileanna ginearálta comhráite go maith. Tá seans go léireoidh na daltaí seo deacrachtaí agus iad ag iarraidh mothúcháin a choinneáil faoi smacht agus go rachaidh siad thar fóir uaireanta (m.sh. deora mar gheall ar rud beag).



Leideanna Foghlama agus Teagaisc


- Cuir sosanna rialta san áireamh nuair is gá don dalta fanacht ag obair ar aon tasc amháin ar feadh tréimhse fada.
- Cuir curaclam idirdhealaitheach ar fáil, a chinntíonn ardleibhéal rathúlachta don dalta.
- Laghdaigh an gleo agus na gníomhaíochtaí atá thart ar an dalta ionas nach gcuirfidh siad isteach air/uirthi. Cuimhnigh gur féidir le fuaimeanna cosúil le druil dóiteáin, clog na scoile, srl. inní a chur ar an dalta agus go bhfuil seans go mbeidh fadhbanna iompraíochta ann mar gheall orthu. Más féidir, tabhair foláirimh roimh fhuaimneanna is eol duit atá ag dul ag tarlú. Faigh amach ón dalta cad iad na fuaimeanna sa scoil a chruthaíonn fadhbanna dó/di.
- Cuir córas i bhfeidhm chun iompraíocht dhearfach a aithint.
- Tabhair deis do dhaltaí oibriú i ngrúpaí beaga.
- Tá seans go mbeidh gá le scileanna mothúcháinacha sóisialta a theagasc go follasach, le béim ar fhorbairt scileanna sóisialta. Is féidir na scileanna seo a theagasc don rang uile (m.sh. nuair a bheidh Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) ar bun).
- Déan cinnte go bhfuil comhsheasmhacht sna gníomhaíochtaí ar fad.
- Déan a laghad athruithe gan choinne agus is féidir i ngnáthamh an dalta.
- Tabhair sceideal soiléir don dalta (b'fhéidir pictiúr-sceideal do dhaltaí níos óige, dialann obair bhaile don dalta níos sine).
- Bain úsáid as rólghlacadh, scéalta sóisialta (social stories™) agus sampla-aithris le múineadh don dalta conas déileáil le haon rud a spreagann inní.
- Smaoinigh ar thascanna éagsúla chun cairdis a bhunú, mar shampla, 'córas dlúthchairde' i measc piaraí, grúpobair, srl.
- Is féidir leas a bhaint as suim agus as buanna an dalta sa cheol trí amhráin, uirlisí agus taifeadtaí a úsáid, agus é seo a nascadh, mar is cuí, leis an gcuraclam.
- Laghdaigh obair phinn agus phinn luaidhe do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí acu le scileanna mínluaileacha.
- Úsáid ábhar nithiúil i dteagasc na matamaitice nuair atá scileanna spásúlacht agus amhairc go lag.
- Bain leas as cumas labhartha agus éisteachta an dalta agus cuir na scileanna seo san áireamh i gceachtanna idirdhealaithe agus i ngníomhaíochtaí.

- Bain úsáid as léaráidí, físeáin, grianghraif srl., mar áiseanna teagaisc in éineacht le treoir ó bhéal. Is minic a bhíonn na hamharc-áiseanna seo fíorspreagúil do dhaltaí a bhfuil siondróm Williams orthu.
- Faigh amach cad iad na hábhair a bhfuil suim áirithe ag an dalta iontu toisc gur le fonn ar leith a thabharfaidh an dalta faoi churaclam atá bunaithe ar ábhair mar seo.



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Phelps, L. (1998) *Health-related Disorders in Children and Adolescents: A Guidebook for Understanding and Educating*, Washington, DC: American Psychological Associates.
2. Rosner, S.R. agus Semel, E.M. (2003) *Understanding Williams Syndrome: Behavioural Patterns and Interventions*, Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
3. Williams Syndrome Association of Ireland, láithreán gréasáin: <http://www.wsai.ie/>
4. Williams Syndrome Foundation (RA) a sholáthraíonn treoirínte do mhúinteoirí, láithreán gréasáin: <http://www.williams-syndrome.org.uk/>
5. Williams Syndrome Association (SAM), láithreán gréasáin: <http://www.williams-syndrome.org/>





CUID 1: Siondróim Mheasúnaithe

Notáí